NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Treoirlínte chun tacú le Cur i gCrích an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo

Gnó na hArdteistiméireachta

Samhain 2024

An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ 1

MEASÚNÚ DON TEISTIÚCHÁN I NGNÓ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA 1

ACHOIMRE AR AN STAIDÉAR IMSCRÚDAITHEACH, GNÓ BEO 2

PRÓISEAS MAIDIR LE CUR I GCRÍCH AN STAIDÉIR IMSCRÚDAITHIGH, GNÓ BEO 4

Céim 1: Ag Cur Tús Leis 4

Céim 2: Ceist a fhorbairt chun taighde a dhéanamh uirthi 5

Céim 3: Plean tionscadail a fhorbairt 6

Céim 4: Foinsí a shainaithint agus eolas agus sonraí a bhailiú 6

Céim 5: Anailís agus meastóireacht 7

Céim 6: Foghlaim a chur i bhfeidhm agus teacht ar chonclúidí 8

An tuarascáil deiridh a chur le chéile 9

FORMÁID AGUS CUR ISTEACH AN STAIDÉIR IMSCRÚDAITHIGH, GNÓ BEO 9

Tuairisceoirí Cáilíochta 10

RÓL AN MHÚINTEORA 14

AGUISÍN A HAON: CEIST A FHORBAIRT CHUN TAIGHDE A DHÉANAMH UIRTHI 16

AGUISÍN A DÓ: PLEAN TIONSCADAIL A FHORBAIRT 17

AGUISÍN A TRÍ: TAIGHDE AGUS EOLAS A BHAINISTIÚ 19

AGUISÍN A CEATHAIR: TREOIRLÍNTE CHUN TACÚ LE TAGAIRTÍ A DHÉANAMH 21

Réamhrá

Sa cháipéis seo, *Treoirlínte chun tacú le cur i gcrích an Staidéir Imscrúdaithigh*, cuirtear an méid seo a leanas ar fáil:

- sonraí faoi chineál agus raon an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo, mar a thugtar breac-chuntas air sa tsonraíocht churaclaim do Ghnó na hArdteistiméireachta
- treoir do scoileanna, do mhúinteoirí agus don scoláire maidir leis an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, a dhéanamh, a chur i gcrích agus a chur isteach
- faisnéis ar an ról atá ag scoileanna agus múinteoirí chun tacú leis an scoláire leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB)
- tuairisceoirí cáilíochta don Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo.

Ba cheart na treoirlínte seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht churaclaim le haghaidh Ghnó na hArdteistiméireachta[1] agus an Treoir a fhoilseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) gach bliain i dtéarma 2 de bhliain 1.

Measúnú don Teistiúchán i nGnó na hArdteistiméireachta

Tá measúnú don teistiúchán bunaithe ar réasúnaíocht, aidhm agus torthaí foghlama shonraíocht Ghnó na hArdteistiméireachta. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe bhreise a bhfuil staidéar imscrúdaitheach i gceist léi. Beidh an scrúdú scríofa ar ghnáthleibhéal agus ar ardleibhéal. Beidh an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, bunaithe ar threoir chomónta agus déanfar measúnú air ar leibhéal an scrúdaithe scríofa deiridh a dhéanann an scoláire. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

[1] https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/senior-cycle-subjects/business/

Tábla 1: Achoimre an mheasúnaithe i gcomhair teistiúcháin i nGnó na hArdteistiméireachta

Comhpháirt measúnaithe	Ualú	Leibhéal
Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo.	40%	Treoir Chomónta
Scrúdú scríofa	60%	Scrúdpháipéir ardleibhéil agus ghnáthleibhéil

Achoimre ar an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo

Cuirtear deis ar fáil don scoláire sa Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) i nGnó na hArdteistiméireachta a fhoghlaim a léiriú ar fud an chúrsa, agus an fhoghlaim atá leagtha amach sa snáithe aontach a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs ceann nó níos mó de na snáitheanna comhthéacsúla agus/nó de na téamaí trasghearrtha. Cuimsítear leis, scoláire ag cur Staidéar Imscrúdaitheach i gcrích agus tá sé beartaithe go dtógfaidh an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis suas le 20 uair lena chríochnú. Beidh ar an scoláire sa Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, a inniúlacht a léiriú chun taighde a phleanáil, a dhéanamh, a anailísiú agus a mheasúnú ar shaincheist ar leith, ach úsáid a bhaint as réimse foinsí agus machnamh a dhéanamh ar réimse dearcthaí, le linn dó úsáid a bhaint as a rannpháirtíocht leanúnach i saol an ghnó. Táthar ag súil go gcuirfidh an scoláire dearcadh/dearcthaí, táta(i)l agus/nó moladh/moltaí ar fáil ag deireadh an staidéir. Tá sé i gceist ag na Tuairisceoirí Cáilíochta ar leathanach 10-13 léargas a thabhairt ar na hionchais ghinearálta maidir le scoláirí a chríochnaíonn CMB.

Díreoidh an Staidéar Imscrúdaitheach ar fhoghlaim an scoláire ar fud shonraíocht Ghnó na hArdteistiméireachta. Is é nádúr na treorach a bhainfidh leas as poitéinseal an Staidéir Imscrúdaithigh ionas go mbeidh sé spreagúil agus ábhartha don scoláire agus seans go gcuirfidh sé ar chumas an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar ghné den ghnó a bhaineann lena spéiseanna féin nó lena chomhthéacs féin trí dheis a chur ar fáil chun ceist taighde a fhorbairt chun tacú le tuilleadh iniúchadh agus le hiniúchadh níos doimhne.

Foilseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) treoir chomónta gach bliain i dtéarma a dó de bhliain a haon. Leagfar amach sa treoir na riachtanais shonracha a bhaineann leis an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, agus tabharfar breac-chuntas ar théama arna cheapadh go sonrach do chohórt na bliana sin.
Áireofar sa treoir sin:

- téama an mhionstaidéir
- treoracha don scoláire agus do scoileanna maidir le prótacail i ndáil le cur isteach an staidéir (lena n-áirítear an líon focal, méid an chomhaid, an cineál comhaid, srl.)

- treoracha don scoláire agus do scoileanna maidir le barántúlacht na hoibre agus an próiseas fíordheimhnithe.
- cur síos ginearálta ar an bpróiseas iniúchta
- breac-chuntas garbh ar leithdháileadh marcanna i dtaca leis an tuarascáil.

Forbróidh an scoláire ceist taighde mar fhreagairt ar an treoir, pleanálfaidh sé an Staidéar Imscrúdaitheach agus léireoidh sé a scileanna bainistithe tionscadal, chomh maith lena inniúlacht chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn. Mar chuid den staidéar, déanfaidh an scoláire taighde, anailíseoidh agus léirmhíneoidh sé na torthaí, cuirfidh sé na conclúidí bunaithe ar an bhfianaise i láthair, agus cuirfidh sé na conclúidí sin i bhfeidhm.

Dearadh an Staidéar Imscrúdaitheach chun deiseanna praiticiúla a thabhairt don scoláire a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta a chur i bhfeidhm chun machnamh a dhéanamh ar na téamaí trasghearrtha, agus a scileanna bainistíochta tionscadail a chur i bhfeidhm. Beidh an deis ag an scoláire na príomhinniúlachtaí a d'fhorbair sé a chur i bhfeidhm trína bheith gníomhach i nGnó na hArdteistiméireachta amhail; a bheith cruthaitheach, smaoineamh go criticiúil agus fadhbanna a réiteach, foghlaim agus féinfhoghlaim a bhainistiú agus cumarsáid a dhéanamh le linn dóibh a bheith rannpháirteach sa chomhpháirt seo. D'fhéadfadh rannpháirtíocht leis an gcuid seo gnéithe a bhfuil suim ag an scoláire iontu de shaol dinimiciúil an ghnó a thabhairt chun solais, tacóidh sé seo leis an scoláire chun ábharthacht an ghnó lena shaol agus leis an tsochaí a fheiceáil, agus d'fhéadfadh sé conairí slite beatha féideartha a thabhairt chun solais.

Léirítear sa ghrafaic thíos na réimsí leathana gníomhaíochta laistigh den Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, agus tugtar tuilleadh eolais maidir le gach ceann acu sin sa chéad chuid eile.



Fíor 1: Achoimre ar na príomhchéimeanna gníomhaíochta sa Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo

Mar chuid dá staidéar, déanfaidh an scoláire tuarascáil aonair a chuirfear isteach go digiteach i rith bhliain 2 chuig CSS i bhformáid a shonraíonn CSS. Bíonn ardleibhéal neamhspleáchais ag scoileanna chun cur i gcrích an staidéir imscrúdaithigh a phleanáil agus a eagrú. Tugann an

cháipéis seo, *Treoirlínte chun tacú le cur i gcrích an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo*, treoir maidir le raon ábhar a bhaineann le heagrú, cur i bhfeidhm agus maoirseacht an staidéir imscrúdaithigh.

Próiseas maidir le cur i gcrích an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo

Áirítear sa Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, roinnt céimeanna ar a ndéantar cur síos mionsonraithe thíos. Áirítear amlíne tháscach maidir le críochnú gach céime sa chuid ábhartha i gcás gach céime. Braithfidh an t-achar ama is gá chun gach céim a chur i gcrích ar chineál na treorach in aon bhliain ar leith.
Príomhghné ar fud chéimeanna an Staidéir Imscrúdaithigh is ea an mhonatóireacht leanúnach ar an bpróiseas agus an machnamh. Mar chuid dá phlean tionscadail, déanfaidh an scoláire monatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn a Staidéir Imscrúdaithigh agus breacfaidh sé síos aon fhadhb a thagann chun cinn agus an dóigh ar sháraigh sé na fadhbanna sin. Leis an monatóireacht leanúnach sin, cabhrófar le bonn eolais a chur faoi mhachnamh foriomlán an scoláire ar an bpróiseas. Féadfar na hAguisíní a áirítear sna treoirlínte seo a úsáid freisin chun tacú le machnamh agus monatóireacht leanúnach ar an bpróiseas. D'fhéadfadh fillteán imscrúdaithe tacú leis an scoláire sa phróiseas seo.

Chun tacú leis an gcomhtháthú sa ghnáthchleachtas sa seomra ranga, féadfaidh an scoláire tús a chur lena chuid oibre ar an Staidéar Imscrúdaitheach le linn am ranga agus leanúint ar aghaidh ag obair air lasmuigh den seomra ranga, ar gnáthchleachtas sin.

Céim 1: Ag Cur Tús Leis

Eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an treoir le haghaidh an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo, i dtéarma a dó de bhliain a haon. Tar éis dó an treoir a fháil, déanfaidh an scoláire taighde cúlra tosaigh chun bonn eolais a chur faoina chuid tuisceana agus smaointeoireachta maidir leis an téama. Samhlaítear go bhféadfadh 2-3 uair an chloig a bheith i gceist leis sin.

Féadfaidh an múinteoir plé maidir le téama na treorach a éascú sa rang chun tacú leis an scoláire agus é ag machnamh ar a chuid taighde cúlra tosaigh maidir leis an téama a shainaithnítear sa treoir. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach don scoláire cuimhneamh ar na leideanna seo a leanas[2] agus é ag tosú agus ag déanamh a chuid taighde cúlra tosaigh:

[2] Cuirtear i láthair sa liosta seo sraith leideanna samplacha a d'fhéadfaí a úsáid ach níl sé uileghabhálach.

- Céard atá ar eolas agam faoi théama na treorach cheana féin?
- Cad eile is gá dom/ba mhaith a fháil amach faoin téama seo?
- An bhfuil aon nasc idir an téama seo agus rudaí a d'fhéadfadh a bheith foghlamtha agam go dtí seo i mo rang Gnó Ardteistiméireachta, gnó sa saol mórthimpeall orm nó gnéithe eile foghlama laistigh nó lasmuigh den scoil? Conas?
- Conas a d'fhéadfainn tuilleadh a fhoghlaim faoin téama seo? Cad iad na hacmhainní nó foinsí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach dom?
- Cá stórálfaidh mé mo chuid taighde cúlra? Conas a d'fhéadfainn sin a dhéanamh?

Moltar don scoláire fillteán imscrúdaithe a choinneáil, rud is féidir leis a úsáid chun taifead a choimeád ar a chuid oibre maidir leis an staidéar, agus acmhainní, taighde agus eolas a bhailiú, rudaí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach dó agus a staidéar á bhainistiú agus á dhéanamh aige, agus a thuarascáil á cur le chéile aige.

I gcás an mhúinteora, d'fhéadfadh fiosrú tosaigh ar an treoir cabhrú le bonn eolais a chur faoin bpleanáil don bhliain atá le teacht, mar go bhféadfaí torthaí foghlama a bhaineann leis an treoir a shainaithint. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé sin deiseanna a chur ar fáil chun aird a tharraingt ar réimsí ábhartha foghlama i nGnó na hArdteistiméireachta nó míreanna nuachta ábhartha sna meáin le linn na bliana. Maidir leis an bhfoghlaim sa Snáithe Aontach sa tSonraíocht Ghnó, tacóidh sé sin leis an scoláire i ndáil lena chuid taighde. Tacaíonn sé sin le comhtháthú an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo, mar chuid den ghnáth-theagasc agus gnáthfhoghlaim sa seomra ranga. Is deis é don mhúinteoir an t-idirghníomhú idir an múinteoir agus an scoláire ag an gcéim sin chun gur féidir leis eolas a chur ar smaointe tosaigh an scoláire agus aon bhearna i dtuiscint an scoláire a shainaithint.

Féadfaidh an scoláire a fhillteán imscrúdaithe a úsáid chun acmhainní a bhailiú, cinn a d'fhéadfadh sé a úsáid chun a staidéar a dhéanamh agus ba cheart dó réimse acmhainní a úsáid chun bonn eolais a chur faoina chuid smaointeoireachta i ndáil leis an téama agus tacú lena cheist taighde.

Céim 2: Ceist a fhorbairt chun taighde a dhéanamh uirthi

Tar éis dó a chuid taighde cúlra tosaigh a dhéanamh, forbróidh an scoláire ceist taighde. Bainfidh an cheist sin le gné faoi leith den téama is ábhar spéise don scoláire nó le réimse ar mian leis tuilleadh eolais a fháil faoi. Samhlaítear go dtógfaidh an chéim sin 1-2 uair an chloig.
Úsáidfidh an scoláire a chuid taighde cúlra tosaigh chun téama/topaic ina bhfuil spéis aige a shainaithint agus cuimhneoidh sé ansin ar na príomhcheisteanna nó na fadhbanna nó na bearnaí eolais atá aige.
Ba cheart don scoláire cuspóirí SMART (sonrach, intomhaiste, indéanta, ábhartha, faoi cheangal ama) a úsáid (go hatriallach nuair is gá) chun cabhrú le bonn eolais a chur faoina cheist taighde. In Aguisín a hAon tugtar ceisteanna leide don scoláire chun cuidiú leis an cheist taighde atá le fiosrú a bheachtú. Ba cheart don scoláire an cheist taighde bheartaithe a phlé lena mhúinteoir agus féadfaidh an múinteoir a mholadh don scoláire na ceisteanna leide a úsáid chun cabhrú leis an scoláire a cheist a bheachtú.
Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfar an cheist a roghnaíonn an scoláire a bheachtú a thuilleadh de réir mar a théann sé tríd an bpróiseas, agus ba cheart don scoláire a shonrú an gá sin a dhéanamh agus an fáth ar gá é sin a dhéanamh toisc go bhféadfadh sé a bheith úsáideach dó

agus monatóireacht á déanamh aige ar a dhul chun cinn agus machnamh á dhéanamh aige ar an bpróiseas.

Céim 3: Plean tionscadail a fhorbairt

Ba cheart don scoláire plean tionscadail a fhorbairt dá staidéar. Cabhróidh an plean sin leis an scoláire spriocanna soláimhsithe a shocrú agus é ag déanamh a staidéir imscrúdaithigh. Ba cheart don scoláire an plean dá staidéar a úsáid agus machnamh agus measúnú a dhéanamh ar a oiread agus a chuir an phleanáil ar tugadh fúithi le cur i gcrích éifeachtach a staidéir. Ba cheart filleadh ar an bplean go rialta de réir mar a dhéantar an staidéar.
Ba cheart a áireamh sa phlean cuspóirí an scoláire maidir leis an staidéar, agus ba cheart iad sin a bheith nasctha leis an gceist taighde arna forbairt de réir na treorach ó CSS, agus ba cheart an méid seo a leanas arna dhéanamh ag an scoláire a áireamh ann freisin:

- sainaithint na bpríomhthascanna atá le déanamh le linn an staidéir
- sainaithint na n-acmhainní a bheidh de dhíth air
- forbairt sceidil ama don obair
- machnamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar chur i gcrích rathúil an staidéir.

Ba cheart monatóireacht agus machnamh leanúnach a bheith ina bpríomhghnéithe den phlean, rudaí a chabhróidh leis an scoláire aon fhadhb a shainaithint. Chomh maith leis sin, ba cheart don scoláire machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le staidéar imscrúdaitheach a dhéanamh agus ar an gcaoi a dtacaíonn a chuid pleanála leis agus é ag déanamh an staidéir. Tá roinnt ceisteanna leide agus dréachtleagan amach chun tacú le forbairt an phlean tionscadail le fáil in Aguisín a Dó den cháipéis seo. Forbraíonn an scoláire an plean sin chun tacú lena chuid oibre ar an staidéar agus tacóidh sé leis an scoláire monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an staidéir. Ní éileofar ar an scoláire a phlean tionscadail a chur isteach mar chuid dá thuarascáil ach tá coinne leis go ndéanfaidh sé tagairt dó de réir mar is cuí ar fud na tuarascála agus é ag déanamh machnamh agus measúnú ar a oiread agus a chuir an phleanáil ar tugadh fúithi le cur i gcrích éifeachtach a staidéir. Céim thábhachtach sa phróiseas fíordheimhnithe leanúnach é an plean a chomhroinnt leis an múinteoir. Samhlaítear go bhféadfadh 1-2 uair an chloig a bheith i gceist agus an scoláire ag forbairt a phlean tionscadail.

Céim 4: Foinsí a shainaithint agus eolas agus sonraí a bhailiú

Déanfaidh an scoláire taighde chun an cheist taighde atá sainaitheanta aige a fhiosrú a thuilleadh. Baileoidh sé fianaise i bhfoirm eolais/sonraí ó bhunfhoinsí agus/nó foinsí tánaisteacha éagsúla; d'fhéadfaí a áireamh ina measc sin an t-idirlíon, na meáin chlóite agus na meáin ar líne, nó aon fhoinse iomchuí eile m.sh. torthaí ó thuarascálacha, tuairimí ó dhaoine atá ag obair i saol an ghnó, suirbhéanna agus agallaimh. Tugtar in Aguisín a Trí den cháipéis seo ceisteanna leide a d'fhéadfadh a bheith úsáideach don scoláire agus é ag eagrú a chuid taighde agus ag bainistiú an eolais agus na sonraí atá bailithe aige.

Tá sé tábhachtach don scoláire na foinsí is ábhartha maidir lena cheist a roghnú, cuimhneamh ar réimse peirspictíochtaí agus taifead a choinneáil ar fhoinsí an eolais ar fad a bhaileofar lena chinntiú gur féidir tagairt chuí a dhéanamh do na foinsí eolais sin ina thuarascáil. Tugtar tuilleadh treoraíochta maidir le tagairt a dhéanamh in Aguisín a Ceathair. Agus a Staidéar Imscrúdaitheach á

dhéanamh aige, beifear ag súil go ndéanfaidh an scoláire a chuid taighde ar bhealach freagrach, sábháilte agus eiticiúil agus go ndéanfaidh sé na bearta riachtanacha chun bradaíl a sheachaint. Má choinnítear taifead maith ar thorthaí taighde, tacófar leis an scoláire de réir mar a thosaíonn sé ag forbairt a fhreagra ar an gceist taighde agus ag cur a thuarascáil le chéile. Is féidir leis an múinteoir a iarraidh ar an scoláire obair a roinnt go tráthrialta mar chuid den phróiseas leanúnach fíordheimhnithe d'obair an scoláire. Samhlaítear go bhféadfadh 6-8 n-uair an chloig a bheith i gceist leis an gcéim sin, in éineacht le Céim 5.

Céim 5: Anailís agus meastóireacht

I gcéim 5, déanfaidh an scoláire anailís agus meastóireacht ar na sonraí agus ar an eolas atá bailithe aige. Cuimsítear i ndea-chleachtas taighde athbhreithniú, achoimre, anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar na sonraí agus ar an eolas atá bailithe go dtí sin ina chuid staidéir.

Féadfaidh an scoláire anailís a dhéanamh ar an eolas agus ar na sonraí atá bailithe aige chun príomhthorthaí a shainaithint ar na bealaí seo a leanas:

- an t-eolas agus/nó na sonraí a bhriseadh síos i gcomhchodanna beaga
- patrúin/treochtaí/neamhréiteach san eolas agus/nó sna sonraí a shainaithint
- aird a tharraingt ar na gnéithe is tábhachtaí den eolas/de na sonraí a bhaineann leis an gceist taighde

B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach don scoláire cuimhneamh ar na leideanna seo a leanas agus é ag déanamh meastóireacht ar a chuid torthaí[3]:

- conas a bhaineann an t-eolas nó na sonraí le mo cheist taighde?
- an foinse iontaofa eolais é seo? Cá bhfios dom? Cé chomh sean is atá an t-eolas nó na sonraí? An bhfuil sé cothrom le dáta?
- an bhfuil an t-eolas claonta nó neamhchlaonta? Cén fáth a gceapaim é sin? Cá bhfios dom? Cad é is cuspóir don eolas nó na sonraí? An bhfuil sé bunaithe ar fhíricí nó ar thuairimí?
- an bhfuil aon mhíniú nó peirspictíocht eile ann?
- céard a chuireann an t-eolas atá bailithe agam in iúl dom? Cá bhfios dom?
- an mbaineann aon díth leis na torthaí? Cad iad?

[3] Cuirtear i láthair sa liosta seo sraith leideanna samplacha a d'fhéadfaí a úsáid ach níl sé uileghabhálach.

Ba cheart don scoláire a chuid torthaí a chur i láthair go soiléir agus grafaic ábhartha a úsáid de réir mar is cuí. Ba cheart don scoláire na torthaí a chuireann sé i láthair a chruthú leis an anailís agus an mheastóireacht atá déanta aige agus ba cheart iad a bheith nasctha go soiléir leis an gceist taighde a d'fhorbair an scoláire. Céim thábhachtach sa phróiseas fíordheimhnithe leanúnach é an obair sin a chomhroinnt leis an múinteoir. Ba cheart don scoláire aitheantas soiléir a thabhairt d'fhoinsí an eolais a úsáidtear ina thuarascáil de réir na dtreoirlínte a leagtar amach in Aguisín a Ceathair, agus ba cheart dó aon díth ar a staidéar a shainaithint freisin.
Samhlaítear go bhféadfadh 6-8 n-uair an chloig a bheith i gceist leis an gcéim sin, in éineacht le Céim 4.

Céim 6: Foghlaim a chur i bhfeidhm agus teacht ar chonclúidí

Nuair a bheidh anailís agus meastóireacht déanta ag an scoláire ar an eolas agus na sonraí atá bailithe aige le linn an Staidéir Imscrúdaithigh, éileofar air an fhoghlaim sin a chur i bhfeidhm mar chuid dá chonclúid. Braithfidh cur i bhfeidhm na foghlama sin ar riachtanais na treorach a eisítear go bliantúil ach, go ginearálta, déanfaidh an scoláire machnamh ar an gcaoi a mbaineann na torthaí le saol an ghnó agus scéalta a bhaineann leis an ngnó sna meáin agus/nó téamaí trasghearrtha na sonraíochta agus/nó a chuid peirspictíochtaí féin i ndáil leis an téama nó an topaic. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach don scoláire cuimhneamh ar na leideanna seo a leanas[4]:

- conas a fhreagraíonn na torthaí atá faighte agam mo cheist taighde agus na cuspóirí a shocraigh mé ag tús mo staidéir?
- conas a bhaineann na torthaí sin le mo chuid foghlama sa tsonraíocht Ghnó agus mo chuid foghlama sa seomra ranga Gnó?
- conas is féidir liom na torthaí sin a chur i bhfeidhm i ndáil le saol an ghnó (go háitiúil, go náisiúnta agus/nó go hidirnáisiúnta)? Cén nasc atá eatarthu sin agus saol an ghnó nó scéalta nó eolas a bhaineann leis an ngnó sna meáin?
- cén nasc atá idir na torthaí sin agus an/na téama(í) trasghearrtha sa tsonraíocht?
- cén tionchar a bhí ag torthaí mo Staidéir Imscrúdaithigh ar mo pheirspictíocht(aí)?

Is príomhghnéithe de dhéanamh an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo, iad an mhonatóireacht agus an machnamh a dhéanann an scoláire ar dhul chun cinn an phróisis iniúchta. Déanfaidh an scoláire machnamh agus an staidéar á dhéanamh aige agus tar éis dó an staidéar a dhéanamh. Áirítear leis

[4] Cuirtear i láthair sa liosta seo sraith leideanna samplacha a d'fhéadfaí a úsáid ach níl sé uileghabhálach.

sin sainaithint an ratha agus na ndúshlán a bhain leis an staidéar a dhéanamh de réir a phlean tionscadail agus na hathruithe, más ann dóibh, a bhí air a dhéanamh ar an bplean agus an staidéar á dhéanamh aige. Le linn na céime deiridh sin, féadfaidh an scoláire a fhillteán imscrúdaithe a úsáid agus leas a bhaint as chun tacú lena chuid oibre ar fud chéimeanna an staidéir. D'fhéadfadh 1-2 uair an chloig a bheith i gceist leis an gcéim sin a chur i gcrích.

An tuarascáil deiridh a chur le chéile

Cuirfidh an scoláire a thuarascáil deiridh le chéile sula gcuirfidh sé é faoi bhráid an mhúinteora lena hathbhreithniú agus lena fíordheimhniú sula gcuirfidh sé faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) é. Ba cheart teanga chiallmhar sheasmhach a úsáid ar fud na tuarascála. Féadfaidh an scoláire a roghnú a thuarascáil a chur le chéile de réir mar a théann sé trí chéimeanna an Staidéir Imscrúdaithigh nó féadfaidh sé a thuarascáil a dhéanamh ag deireadh an phróisis. Seo an chéim dheiridh i bpróiseas ilchéime a chuidíonn leis an múinteoir muinín iomlán a bheith aige agus a ainm á chur le píosa dílis oibre de chuid an scoláire. Ba cheart dá thuarascáil freagairt do riachtanais na treorach. Ba cheart cur síos a dhéanamh inti ar an taighde, anailís agus meastóireacht a rinne sé, a chuid rannpháirtíochta leis an bpleanáil agus an machnamh le linn an staidéir agus cur i bhfeidhm a chuid foghlama a léiriú freisin.

Níor cheart do mhúinteoirí tabhairt faoi cheartúcháin ar an tuarascáil le go ndéanfadh an scoláire iad a athdhréachtú. Ós rud é gurb í tuarascáil an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo, **an t-aon cháipéis amháin** a chuirfidh an scoláire faoi bhráid CSS lena marcáil, tá sé tábhachtach, le linn don scoláire a thuarascáil a scríobh, go dtabharfaidh sé cuntas barántúil ar na gnéithe uile den phróiseas iniúchta ar phléigh sé leo.

Samhlaítear go bhféadfadh 2-3 uair an chloig a bheith i gceist leis an gcéim sin, ag brath ar an gcaoi ar roghnaigh an scoláire an tuarascáil a chur le chéile le linn an phróisis.

Formáid agus Cur Isteach an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo

Beidh ar an scoláire tuarascáil deiridh a fhorbairt agus a chur isteach mar chuid den Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo. Cuirfear an tuarascáil deiridh i láthair i bhformáid dhigiteach atá leagtha síos ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Ní mór an obair uile a chuirtear i gcrích mar chuid den Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, a thabhairt chun críche faoi dháta socraithe. Is é CSS a shocróidh an dáta sin, agus cuirfear in iúl do scoileanna é, agus cuirfear san áireamh leis an treoir a eiseofar i dTéarma 2 de Bhliain 1 den chúrsa é.

Ní mór an tuarascáil deiridh a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha a sholáthraíonn CSS. Beidh faisnéis shonrach le fáil sna treoracha sin, amhail líon na bhfocal, líon na n-íomhánna ceadaithe, an struchtúr riachtanach agus ceannteidil na rannóg, méid comhad, etc.

Is féidir leis an scoláire rogha a dhéanamh idir tacú le próiseas nó torthaí a Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo, é a shoiléiriú nó fianaise a chur ar fáil ina leith le híomhánna amhail léaráidí, sceitsí, graif, cairteacha, táblaí, grianghraif, srl.

Ní mór don scoláire dul i mbun tagairtí a dhéanamh le haitheantas a thabhairt d'úsáid aon saothair a áirítear lena thionscadal nach leis féin é. Tá sonraí maidir le tagairt a dhéanamh agus tagairtí a úsáid le fáil in Aguisín a Ceathair.

Tá sé ríthábhachtach gur leis féin an saothar uile a chuireann an scoláire isteach lena mheasúnú. I gcás ina gcuireann aon iarrthóir obair isteach nár chuir sé i gcrích go hiomlán, is sárú suntasach ar rialacháin é sin. Má chuirtear obair den sórt sin isteach, d'fhéadfaí pionóis a ghearradh, chomh fada le coinneáil siar na dtorthaí gaolmhara, agus é sin san áireamh.

Is cuid lárnach é próiseas láidir fíordheimhnithe chun sláine aon phróisis measúnaithe a áirithiú. Is bunriachtanas é fíordheimhniú scoilbhunaithe ar shaothar scoláirí ag na múinteoirí ar a gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis le measúnú cóir cothrom a dhéanamh ar an saothar úd. Cé nach indéanta ná riachtanach do mhúinteoirí é a bheith mar fhinné ar gach gné de shaothar an scoláire, ní foláir do mhúinteoirí a bheith sásta gurb é an scoláire a rinne an saothar é féin. Is le rannpháirteachas tráthrialta cuimsitheach le saothar gach scoláire ar a Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a chuirfear ar chumas múinteoirí fíordheimhniú muiníneach agus dlisteanach a dhéanamh ar aon saothar á chur isteach lena mheasúnú.

Soláthraíonn CSS treoir mhionsonraithe maidir le fíordheimhniú oibre cúrsa agus na coinníollacha maidir lena glacadh. Cuirfear faisnéis maidir leis an gcaoi a bhfuil feidhm aige seo i gcás an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo, ar fáil sa treoir, agus freisin i ndoiciméid eile a d'fhéadfadh CSS a eisiúint.

Tuairisceoirí Cáilíochta

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a bhain an scoláire amach sa Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo. Go háirithe, éilíonn an staidéar imscrúdaitheach go ndéanfaidh an scoláire an méid seo a leanas:

- a staidéar imscrúdaitheach a phleanáil, a scileanna bainistithe tionscadal a chur i bhfeidhm agus a léiriú, chomh maith lena inniúlacht chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn
- iniúchadh a dhéanamh ar ghné de ghnó agus na scileanna a forbraíodh a chur i bhfeidhm, scileanna a d'fhorbair sé trína bheith rannpháirteach leis an Snáithe Aontaitheach chun teacht ar chonclúid eolach/ar chonclúidí eolacha, ar mholadh eolach/ar mholtaí eolacha agus/nó ar dhearcadh eolach/ar dhearcthaí eolacha
- an téama/na téamaí trasghearrtha ábhartha a chur i bhfeidhm laistigh de Shonraíocht Ghnó na hArdteistiméireachta ina Staidéar Imscrúdaitheach, agus an staidéar a cheangal le saol an ghnó.
- a thorthaí a chur in iúl.

Tá na tuairisceoirí cáilíochta don Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, leagtha amach i dTábla 2 thíos:

Tábla 2: Tuairisceoirí cáilíochta don Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo

	An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála	An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála	An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála
Pleanáil	-rannpháirtíocht éifeachtach a léiriú le pleanáil ar fud a staidéir agus machnamh soiléir agus measúnú a dhéanamh ar a oiread agus a chuir an phleanáil ar tugadh fúithi le cur i gcrích éifeachtach an staidéir. -ceist taighde shoiléir agus tóraíochta a fhorbairt atá bunaithe ar ábharthacht nó ar thábhacht an ghnó go háitiúil, go náisiúnta agus/nó go hidirnáisiúnta.	-rannpháirtíocht a léiriú le pleanáil ar fud a staidéir agus machnamh a dhéanamh ar a oiread agus a chuir an phleanáil ar tugadh fúithi le cur i gcrích an staidéir. -ceist taighde shoiléir a fhorbairt atá bunaithe ar ábharthacht nó ar thábhacht an ghnó go háitiúil, go náisiúnta agus/nó go hidirnáisiúnta.	-rannpháirtíocht theoranta a léiriú le pleanáil ar fud a staidéir agus machnaimh theoranta a chur i láthair ar a oiread agus a chuir an phleanáil ar tugadh fúithi le cur i gcrích an staidéir. - ceist taighde de shaghas éigin a fhorbairt.
Iniúchadh **Iniúchadh (ar lean)**	-luach féideartha réimse leathan foinsí cuí a shainaithint agus a mheasúnú, foinsí a bhaineann leis an gceist taighde a cruthaíodh bunaithe ar an treoir. - anailís dhomhain agus meastóireacht sonraí agus eolais a chruthú ó réimse foinsí iontaofa, ag cosaint rogha na bhfoinsí. - conclúidí atá cosanta ag anailís agus measúnú na sonraí agus an eolais a chur	-luach féideartha réimse foinsí cuí a shainaithint agus a mheasúnú, foinsí a bhaineann leis an gceist taighde a cruthaíodh bunaithe ar an treoir. - anailís agus measúnú a dhéanamh ar shonraí agus eolais a chruthú ó réimse foinsí iontaofa, ag cosaint rogha na bhfoinsí.	-réimse teoranta foinsí a shainaithint a bhaineann leis an gceist taighde a cruthaíodh bunaithe ar an treoir. - anailís theoranta agus meastóireacht sonraí agus eolais a chur i láthair ó réimse foinsí. - conclúidí teoranta a léiríonn go rabhthas páirteach san ábhar a chur i láthair.

	An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála	An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála	An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála
	i láthair, sonraí a bhaineann leis an gceist taighde a forbraíodh. - srianta sa staidéar imscrúdaitheach a shainaithint go soiléir ar fud dhearadh na ceiste taighde, ar fud an taighde a bailíodh agus/nó ar fud na hanailíse a rinneadh.	- conclúidí a bhaineann leis an gceist taighde a forbraíodh a chur i láthair. - roinnt srianta sa staidéar a shainaithint.	-gan srianta ar bith a shainaithint sa staidéar.
Cuir i bhfeidhm	-inniúlacht a léiriú chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a mbaineann na torthaí le saol an ghnó agus le scéalta gnó sna meáin nuair is cuí, agus ar an gcaoi a raibh tionchar ag an staidéar imscrúdaitheach ar a dhearcthaí. -torthaí an imscrúdaithe a cheangal go soiléir agus go cuí leis an téama/na téamaí trasghearrtha laistigh den tsonraíocht.	-inniúlacht de shaghas éigin a léiriú chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a mbaineann na torthaí le saol an ghnó agus le scéalta gnó sna meáin nuair is cuí, agus ar an gcaoi a raibh tionchar ag an staidéar imscrúdaitheach ar a dhearcthaí. -torthaí an imscrúdaithe a cheangal leis an téama/na téamaí trasghearrtha laistigh den tsonraíocht.	-inniúlacht theoranta a léiriú chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a mbaineann na torthaí le saol an ghnó agus le scéalta gnó sna meáin nuair is cuí, agus ar an gcaoi a raibh tionchar ag an staidéar imscrúdaitheach ar a dhearcthaí. -naisc theoranta a dhéanamh idir torthaí an imscrúdaithe agus an téama/na téamaí trasghearrtha laistigh den tsonraíocht.

	An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála	An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála	An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála
Cumarsáid	-sonraí, eolas agus anailís shoiléir agus chuí a chur i láthair trí úsáid a bhaint as réimse grafaicí ábhartha nuair is cuí. -úsáid a bhaint as teanga shoiléir agus leanúnach ar fud na tuarascála mar aon le tagairtí agus machnaimh thacúla chuí atá aitheanta go soiléir sa staidéar.	-sonraí, eolas agus anailís shásúil a chur i láthair; agus úsáid á baint as grafaicí ábhartha nuair is cuí. -úsáid a bhaint as teanga atá réasúnta soiléir agus leanúnach ar fud na tuarascála mar aon le roinnt tagairtí agus machnamh tacúil atá aitheanta sa taighde.	-sonraí, eolas agus anailís theoranta a chur i láthair, gan mórán nó gan aon úsáid as grafaicí. -tuarascáil a chur i láthair ina léiríonn an teanga a úsáidtear, léirchruinneas agus leanúnachas teoranta mar aon le tagairtí agus machnaimh theoranta.

Ról an mhúinteora

Tá ról tábhachtach ag an múinteoir ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'obair an scoláire ar an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, agus é a mhaoirsiú. Ba cheart teagasc agus foghlaim a bhaineann leis an gcomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis a chomhtháthú i gcleachtas leanúnach sa seomra ranga chun deiseanna a uasmhéadú don scoláire torthaí foghlama na sonraíochta a bhaint amach agus tacú le príomhinniúlachtaí a fhorbairt.
Tugann eisiúint na treorach comónta ag CSS i dtéarma a dó de bhliain a haon deis do mhúinteoirí riachtanais agus ábhar na treorach a threorú ó chéim luath foghlama san ábhar. Éascófar do mhúinteoirí freisin agus iad ag pleanáil le CMB a chomhtháthú, de réir mar is cuí, i ngnáth-shreabhadh an teagaisc agus na foghlama sa seomra ranga.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- riachtanais threoir an Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo, a shoiléiriú
- cabhrú leis an scoláire tuiscint a fháil ar an mbaint atá ag an treoir atá eisithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit don Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, le sonraíocht Ghnó na hArdteistiméireachta
- aon réimse faoi leith den tsonraíocht a aithint ar ghá don scoláire dul i ngleic leis chun tabhairt faoin gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis
- a chinntiú go bhfuil an scoláire ar an eolas faoi na tuairisceoirí cáilíochta a bhaineann leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis
- ceisteanna leide a chur ar fáil, amhail na cinn úd a thugtar ar leathanaigh 16-19 chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do phleanáil agus smaointeoireacht chriticiúil an scoláire i rith an phróisis
- spreagadh a thabhairt don scoláire chun díriú ar cheanglais na treorach agus a chuid saothair a cheangal leis na torthaí foghlama sa tsonraíocht
- treoir a thabhairt don scoláire i bhforbairt leanúnach a chuid scileanna taighde
- cuidiú leis an scoláire meas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le dea-chleachtais déanta tagairtí agus don ghá chun aon chineál bradaíola a sheachaint
- rochtain a éascú ar acmhainní iomchuí
- socruithe rochtana iomchuí a chur ar fáil don scoláire ag a bhfuil riachtanais bhreise foghlama, i gcomhréir le soláthar comhréiteach réasúnta ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit
- feasacht a mhúscailt i measc scoláirí nach mór dóibh aon rialachán éigeantach nó ceanglais ábhartha a chomhlíonadh amhail na cinn a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), réadmhaoin phoiblí nó phríobháideach a rochtain srl.
- aiseolas a úsáid go hiomchuí chun cur chuige athmhachnamhach a chur chun i leith na hoibre ar an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis

- treoracha a chur ar fáil ag eatraimh straitéiseacha chun comhlíonadh tráthúil na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis a éascú
- aird an scoláire a tharraingt ar aon cheanglas i ndáil le cur isteach na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis arna sonrú sa treoir
- deiseanna a chur chun cinn a thugann Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis chun príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí a fhorbairt.

D'fhonn an próiseas fíordheimhnithe a éascú, ba cheart go mbeadh na múinteoirí rannpháirteach ar bhonn tráthrialta le saothar an scoláire ar an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis. Ba cheart gurbh fheasach do mhúinteoirí nach féidir saothar ach ar leis an scoláire féin é a chur isteach lena mheasúnú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit, agus nach mór do gach scoláire a chuid oibre a chur isteach ar bhonn aonair. I gcás ina bhfuil níos mó ná scoláire amháin in aon rang ag obair ar Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis atá cosúil lena chéile, beidh sé tábhachtach go nglacfaidh gach scoláire cur chuige aonair i leith na hoibre.
Ba cheart an t-aiseolas a chuirtear ar fáil don scoláire a bheith ginearálta agus neamhthreorach. Níor cheart do mhúinteoirí aon tacaíocht iomarcach ná mhíchuí a thabhairt don scoláire, amhail dréacht dá saothar a chur in eagar ná téacs eiseamláireach nó freagraí a chur ar fáil le húsáid mar fhianaise d'fhoghlaim an scoláire.

Aguisín a hAon: Ceist a fhorbairt chun taighde a dhéanamh uirthi

D'fhéadfadh na ceisteanna leide seo a leanas cabhrú leis an scoláire agus a cheist taighde á beachtú. Féadfaidh an scoláire iad sin a úsáid agus a cheist á forbairt aige, plé á dhéanamh aige ar an gceist bheartaithe lena mhúinteoir agus/nó lena chomhscoláirí, agus machnamh agus beachtú á dhéanamh aige ar a ceist de réir mar a dhéanann sé a staidéar agus a fhorbraíonn sé a phlean tionscadail.

SMART	Ceisteanna ar cheart don scoláire machnamh a dhéanamh orthu agus é ag forbairt a cheiste taighde
Sonrach	An bhfuil mo cheist nasctha le téama na treorach? Cén fáth agus cén chaoi a bhfuil sí nasctha? (D'fhéadfadh do thaighde cúlra a bheith úsáideach anseo) An bhfuil mo cheist soiléir agus dírithe? An luaitear go beacht sa cheist an méid ba mhaith liom a fhreagairt? An bhfuil aon rud ann a d'fhéadfainn a athrú chun é a dhéanamh níos soiléire?
Intomhaiste	An féidir liom eolas go leor a aimsiú ó raon foinsí éagsúla chun mo cheist a fhreagairt? Ar cheart dom bunfhoinsí agus/nó foinsí tánaisteacha a úsáid? An mbeidh mé in ann rochtain a fháil ar an eolas a theastaíonn uaim? Mura mbeidh, ar cheart dom smaoineamh ar mo cheist an athuair?
Indéanta	Cá n-aimseoidh mé an t-eolas a theastaíonn uaim? Céard iad na foinsí a d'fhéadfainn a úsáid agus conas a gheobhaidh mé rochtain ar na foinsí sin? An bhfuil foinsí eolais nó sonraí go leor ar fáil?
Ábhartha	An gcabhraíonn mo cheist liom mo chuid tuisceana ar an téama laistigh den treoir seo a fhorbairt? An bhfuil sí nasctha leis an méid atá mé a fhoghlaim i mo rang Gnó nó leis an ngnó sa saol thart timpeall orm?
Faoi cheangal ama	Tar éis dom cuimhneamh ar na leideanna a leagtar amach sa tábla seo, an féidir liom mo cheist taighde a úsáid chun plean tionscadail a dhéanamh do mo mhionstaidéar? An mbeidh mé in ann an plean a chur i gcrích san am atá sannta? Mura mbeidh, an gá dom cuimhneamh an athuair ar mo cheist nó í a chúngú?

Aguisín a Dó: Plean tionscadail a fhorbairt

D'fhéadfadh na leideanna sin tacú leis an scoláire agus é ag forbairt an phlean tionscadail dá Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo. Ba cheart an plean tionscadail a fhorbairt tar éis don scoláire cuimhneamh ar a cheist taighde agus ba cheart é a bheith ina bhunús don mhonatóireacht leanúnach ar a dhul chun cinn i ndáil lena Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach don scoláire an leagan amach thíos a úsáid chun a phlean tionscadail a fhorbairt agus chun tacú leis an monatóireacht agus meastóireacht leanúnach.



	Ceisteanna atá le meas	Mo chuid machnaimh/smaointe/meabhraithe
Cuspóirí	• Cad é cuspóir mo thaighde? Cad atá mé ag iarraidh a fháil amach? • Conas atá sé sin nasctha le mo cheist taighde? Cén bhaint atá aige leis an ngnó go háitiúil, go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta? Cén fáth a bhfuil spéis agam ann? • Cad iad na spriocanna atá agam ag gach céim de mo chuid oibre?	
Mo ról	• Céard a d'fhoghlaim mé roimhe seo a d'fhéadfadh cabhrú liom? • Céard is gá dom a dhéanamh? Céard iad na scileanna a theastóidh uaim chun an staidéar seo a dhéanamh? • Cad iad na hinniúlachtaí a d'fhéadfainn a fhorbairt agus an staidéar seo á dhéanamh agam? • Conas a eagróidh mé mo chuid oibre agus a choinneoidh mé taifid? Conas a dhéanfaidh mé monatóireacht agus meastóireacht ar mo dhul chun cinn?	
Acmhainní	• Cad iad na hacmhainní a bheidh orm a rochtain chun mo cheist taighde a fhreagairt? • Cathain a bheidh rochtain ag teastáil uaim? Cén chaoi a dtiocfaidh mé ar na hacmhainní sin? • An bhfuil na hacmhainní sin oiriúnach don cheist atá forbartha agam? An dtabharfaidh siad raon peirspictíochtaí dom?	
Sceideal ama	• Cad é achar ama mo staidéir? Cad iad na príomhchéimeanna a bhaineann leis an staidéar? Céard is gá dom a dhéanamh agus cathain? • Ar ullmhaigh mé plean chun an leas is fearr a bhaint as mo chuid ama? • Ar thug mé go leor ama dom féin chun gach céim den obair a chur i gcrích? Conas agus cathain a rianóidh mé mo dhul chun cinn?	
Rioscaí féideartha	• Ar smaoinigh mé ar na rudaí a d'fhéadfadh dul in aimhréidh nó na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith romham? • Cén chaoi a bhféadfadh na rioscaí sin dul i gcion ar dhul chun cinn nó ar chríochnú mo staidéir? Conas a d'fhéadfainn iad sin a shárú? • Conas a shainaithneoidh mé an méid atá ag oibriú go maith?	

Monatóireacht agus meastóireacht leanúnach	• Céard atá ag oibriú go maith? Cá bhfios dom? • Céard a d'fhéadfadh a bheith níos fearr? Cá bhfios dom/Céard a d'fhéadfainn a dhéanamh chun dul i bhfeabhas? • Cad é mar atá ag éirí liom le mo chuid spriocanna agus amlínte? • An gá dom smaoineamh an athuair ar mo cheist? An dteastaíonn rochtain uaim ar fhoinsí breise eolais? • Céard iad na díotha ar mo staidéar imscrúdaitheach?	

Aguisín a Trí: Taighde agus eolas a bhainistiú

D'fhéadfadh na leideanna seo cabhrú leis an scoláire agus é ag bainistiú a chuid taighde agus na sonraí agus an eolais a aimsíonn sé agus an taighde á dhéanamh aige. Tá sé beartaithe go gcabhróidh sé leis an scoláire a fhoinsí eolais a bhainistiú, príomhphointí a bhaint as an eolas agus cuimhneamh ar an gcaoi a bhfuil sé ábhartha dá cheist agus machnamh á dhéanamh aige ar na torthaí san am céanna. D'fhéadfadh an próiseas sin a bheith úsáideach don scoláire agus é ag anailísiú, ag meastóireacht agus ag cur a chonclúidí i láthair.

Foinse eolais:		
Dáta rochtana:		
Príomheolas	**Cén chaoi agus cén fáth a bhfuil sé sin ábhartha do mo cheist taighde?**	**Mo chuid machnaimh/smaointe maidir leis sin**
Foinse eolais:		
Dáta rochtana:		
Príomheolas	**Cén chaoi agus cén fáth a bhfuil sé sin ábhartha do mo cheist taighde?**	**Mo chuid machnaimh/smaointe maidir leis sin**

Foinse eolais:		
Dáta rochtana:		
Príomheolas	**Cén chaoi agus cén fáth a bhfuil sé sin ábhartha do mo cheist taighde?**	**Mo chuid machnaimh/smaointe maidir leis sin**

Aguisín a Ceathair: Treoirlínte chun Tacú le Tagairtí a Dhéanamh

Is gné thábhachtach den Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis í tagairtí a dhéanamh mar tugann sí deis dóibh siúd a léann an Tuarascáil ar an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, teagmháil níos fearr a dhéanamh leis an ábhar agus an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sa tagairt a fhíorú. Is é an bealach is oiriúnaí don scoláire aitheantas a thabhairt d'fhoinse aon fhaisnéise, smaointe, ábhair nó íomhánna nach leis an scoláire féin atá curtha san áireamh acu ina CMB.

Trí thagairt a dhéanamh is féidir leis an scoláire fianaise a sholáthar ar an taighde a rinne sé, cuidíonn sé chun tacú le hargóintí agus conclúidí agus iad a neartú, agus is féidir é a úsáid chun a léiriú go ndearna an scoláire peirspictíochtaí difriúla a mheas agus a fhiosrú.

Ba cheart don scoláire tabhairt faoi thagairt a dhéanamh laistigh de chorp a chuid saothair (sliocht idir lúibíní) agus sa rannóg tagairtí den Tuarascáil ar an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, freisin. Trí shliocht idir lúibíní a úsáid, soláthraítear nasc díreach idir an méid a scríobhann an scoláire agus an taighde ar a bhfuil a chuid oibre bunaithe.

Sampla:
Aon scoláire a d'úsáidfeadh ábhar ó leathanach 57 den leabhar *Inclusion: effective practice for all students?*, d'úsáidfidís an sliocht idir lúibíní (lch. 57, McLeskey, 2013) agus ansin leanfaidís ar aghaidh agus mionsonraí a chur leis an liosta tagairtí mar McLeskey, J. (2013) *Inclusion: effective practice for all students?* An dara heagrán.

Sa rannóg tagairtí dá dhoiciméad, ba cheart don scoláire mionsonraí iomchuí a thabhairt d'aon fhoinse a d'úsáid sé i rith a Staidéir Imscrúdaithigh, Gnó Beo, amhail:

- leabhair, nuachtáin, irisí
- irisí gairmiúla agus tuarascálacha rialtais
- foinsí ar líne, lena n-áirítear físeáin, podchraoltaí srl.
- ábhar ó shaineagraíochtaí agus ó dhaoine aonair ábhartha
- ábhar arna ghiniúint ag bogearraí intleachta saorga (IS) agus feidhmchláir IS. Eiseofar faisnéis shonrach faoi seo sa treoir CMB agus i ndoiciméadacht ghaolmhar ó CSS.

Níl an rannóg a bhaineann le tagairtí san áireamh sa líon focal. Cabhraíonn tagairtí cuimsitheacha lena thaispeáint go bhfuil an scoláire tar éis tabhairt faoi chleachtais taighde mhacánta eiticiúla agus gur sheachain sé bradaíl. Ba cheart go mbeadh an tagairt chomh sonrach agus is gá chun an fhoinse taighde ar leith a chur in iúl, amhail uimhir leathanaigh nó caibidil i leabhar, rannóg i suíomh gréasáin, stampa ama ar phodchraoladh nó ar fhíseán etc.

Is feall tromchúiseach é bradaíl agus tarlaíonn sé nuair a úsáidtear obair seachas obair an scoláire féin gan admháil shoiléir ar fhoinse na hoibre. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as ábhar a ghintear trí úsáid a bhaint as bogearraí intleachta saorga (IS) nó as feidhmchláir IS. Ní cheadaítear ábhar a chóipeáil go díreach ó aon fhoinse gan admháil chuí agus d'fhéadfaí go ngearrfar pionóis, suas go dtí coinneáil siar na dtorthaí gaolmhara, agus an pionós sin san áireamh.

Agus tagairt á déanamh ag an scoláire do na foinsí a d'úsáid sé ina Thuarascáil ar an Staidéar Imscrúdaitheach, Gnó Beo, ba cheart dó a chinntiú, gan beann ar an gcineál foinse, go bhfuil go

leor sonraí cruinne ann chun gur féidir leis an léitheoir an tagairt a fhíordheimhniú. Níl aon stíl tagartha fhoirmiúil ar leith ag teastáil.

Conas ba cheart don scoláire tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla

- Sa chás go bhfuil foinsí scríofa nó faisnéis i gcló á lua ag an scoláire, ba cheart dó ainm an údair, teideal an fhoilseacháin, bliain an fhoilsithe, agus, más gá, uimhir leathanaigh nó caibidil/rannóg an fhoilseacháin a thabhairt.
- Sa chás gur mian leis an scoláire tagairt a dhéanamh do shuíomh idirlín nó d'fhoinse ar líne, ba cheart go mbeadh go leor sonraí cruinne ann chun a chur ar chumas an léitheora an tagairt a fhíordheimhniú, lena n-áirítear an hipearnasc agus an dáta a léitear nó a íoslódáiltear.

I gcás inar bhain an scoláire úsáid as ábhar a ghintear le bogearraí intleachta saorga (IS) agus feidhmchláir IS, ní mór é sin a admháil. Ba cheart go n-áireofaí leis an tagairt ainm na huirlise intleachta saorga a úsáideadh, an dáta ar gineadh an t-inneachar agus go dtabharfaí míniú gairid ar an gcaoi ar úsáideadh í. Gineann go leor uirlisí IS giniúna URLanna in-chomhroinnte ina leagtar amach ábhar na seisiún comhrá a tharla. I gcás inar úsáideadh uirlis den sórt sin, ba cheart an URL a chur san áireamh i liosta na bhfoinsí taighde. I gcás nach ngintear URL inroinnte le huirlis IS, ba cheart don scoláire ainm na huirlise agus an leid a úsáideadh a chur san áireamh.

Samplaí de shliocht idir lúibíní le haghaidh cineálacha difriúla foinsí
Leabhar: (lch. 57, McLeskey, 2013)
Alt nuachtáin/irise: (Hearne, J., 30/08/2024)
Téacs/íomhá arna rochtain ar líne: (thelatinlibrary.com/101/RhetoricalDevices)
Fuaim arna rochtain ar líne: (Eip. 10, rte.ie/radio/podcasts/22093250)
Físeán arna rochtain ar líne: (3:20 go dtí 5:45, youtu.be/yCv4iyPqZKQ)
Uirlisí IS (maille le url inroinnte): (chat.openai.com/share/f45a1e23-2217-4443-a244-d56ab26ae940)
Uirlisí IS (gan url inroinnte): (OpenAI (2023) ChatGPT, 20/10/2023)

Samplaí de thagairtí le haghaidh cineálacha difriúla foinsí
Leabhar sa liosta tagairtí: McLeskey, J. (2013) *Inclusion: effective practice for all students?* An dara heagrán.
Alt nuachtáin/irise Hearne, J. (30/08/2024) 'How bad driving habits cost Irish motorists hundreds every year', Irish Examiner
Téacs/íomhá arna rochtain ar líne Latin Library, Principal Rhetorical and Literary Devices, (dáta a scríofa gan bheith ar fáil), http://www.thelatinlibrary.com/101/RhetoricalDevices.pdf, Dáta rochtana: 17/6/24
Fuaim arna rochtain ar líne Philip Boucher Hayes, RTÉ, Hot Mess – Megawatts and Megabytes, Podchraoladh, dáta cruthaithe: 30/5/24, https://www.rte.ie/radio/podcasts/22093250-ep-10-megawatts-and-megabytes/, Dáta arna rochtain: 10/11/23
Físeán arna rochtain ar líne ApintTurtle, Zig & Zag – Christmas crises, Scannán, dáta arna chruthú an 20/12/2008, http://youtu.be/yCv4iyPqZKQ, 12/12/14, idir 3 nóiméad 20 soicind go 5 nóiméad 45 shoicind.
Uirlisí IS Sampla maille le URL inroinnte arna ghineadh ag an Uirlis IS: OpenAI (2023) ChatGPT (Leagan an 20 Deireadh Fómhair) [Samhail teanga mhór], arna rochtain an 20 Deireadh Fómhair 2023. https://chat.openai.com/share/f45a1e23-2217-4443-a244-d56ab26ae940
Uirlisí IS Sampla gan URL inroinnte OpenAI (2023) ChatGPT (leagan an 20 Deireadh Fómhair) [Samhail teanga mhór], arna rochtain an 20 Deireadh Fómhair 2023. Leid a úsáideadh agus an téacs a gineadh.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment